# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

27 Lúnasa 2020

### AN FOCAL SCOIR

Cuireadh tús le gairid leis an **bhFocal Scoir**, sraith teilifíse nua, de chuid BBC 2 Thuaisceart Éireann, Sraith díospóireachta trí Ghaeilge atá ann ina ndéanfar plé agus anailís ar éifeacht na paindéime ar chúrsaí eacnamaíochta, síceolaíochta agus sóisialta, ar fud an domhain agus anseo in Éirinn. Ceithre chlár le Máire Bhreathnach mar láithreoir, atá ann. Beidh painéal iriseoirí agus tráchtairí éagsúla ina teannta, leithéidí Póilín Ní Chiaráin, Ciarán Ó Pronntaigh agus Máire Treasa Ní Cheallaighas an gCeathrú Rua. Craolfar an chéad chlár eile ar an Luan 31/08 @ 10i.n. ar BBC 2 T. Éireann.




### SCÉAL THOIT CHONÁIN

D'fhoilsigh **Molscéal** físeán an-spéisiúil le deireanaí faoin Toit Chonáin atá i mBaile na hAbhann. Insítear stair Chonáin Mhaoil duine de na Fianna, an Chailleach agus Toit Chonáin sa bhfíseán, le cur i láthair iontach ó Mháirín Mhic Lochlainn. Is féidir an físeán a fheiceáil ar leathanach Facebook Molscéal.

MOLSCÉAL

### SEÁN STAFFORD RIP

Tá Seán Stafford, fear a bhí an-ghníomhach i bhfás agus i bhforbairt chúrsaí drámaíochta agus cultúir i gcathair na Gaillimhe le breis is trí scór bliain, ar shlí na fírinne. Is mór go deo an tacaíocht a thug sé féin agus a bhean Máire, nach maireann, don Taibhdhearc ó bhog siad go Gaillimh i bhfad siar agus lean a gclann leis an tiomantas céanna don drámaíocht agus do na healaíona. Is iomaí sin aisteoir as Gaeltacht Chonamara a spreag Séan le bheith páirteach i léirithe na Taibhdheirce agus bhíodh sé ar fáil i gcónaí le comhairle agus smaointe a chur ar fáil do chumainn drámaíochta an cheantair. Bhíodh sé ar an bhfoireann teagaisc sa nGairmscoil ar Bhóthar an Athar Uí Ghríofa áit ar theagasc sé cuid de mhuintir Chois Fharraige, daoine a bhfuil cuimhní geala, geanúla acu ar an bhfear lách a thug misneach agus ugach dóibh.96 bliain d'aois a bhí Séan. Leaba i measc an Naomh go raibh aige.

### POST AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar Oifigeach Féichiúnaithe á fhógairt ag Údarás na Gaeltachta. Post buan atá ann, agus beidh an té a éiríonn leis nó léi ag feidhmiú mar chuid d'fhoireann dhíograiseach sa Rannóg Airgeadais. Sna Forbacha a bheidh an toifigeach lonnaithe. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach ríomhphost a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie nó ag www.udaras.ie.
Glacfar la hiarratais suas go dtí 10 Meán Fómhair 2020 @ 16:00

### RÉ NUA DO MHÁIRTÍN TOM SHEÁINÍN!



Fógraíodh le deireanaí go mbeidh an laoch craoltóireachta Máirtín Tom Sheáinin ag éirí as a phost le RTÉ Raidió na Gaeltachta sa bhFómhar. Fillfidh an craoltóir aitheanta ar 'Ardtráthnóna', clár atá á chur i láthair aige le 22 bliain anuas ar feadh dhá mhí ag tosú ar an 8ú Meán Fómhair. Cé nach mbeidh Máirtín le cloisteáil ar an raidió feasta, beidh sé le feiceáil ar shraith nua den chlár teilifíse **Comhrá** an bhliain seo chugainn.



### COMHAIRLE AR FÁIL DO THUISMITHEOIRÍ

Tá comhairle agus cúnamh ar fáil do thuismitheoirí agus don theaghlach uilig maidir le treoirlínte na paindéime a leanacht go sábháilte agus iad ag bailiú le chéile in aon áit amháin. Tá an t-eolas ar fad ag www.teangati.ie

FANAIGÍ SLÁN